**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0150/2024**

22.3.2024

# TUARASCÁIL

ar an togra chun comhalta den Bhord Réitigh Aonair a cheapadh
(N9-0006/2024 – C9-0064/2024 – 2024/0901(NLE))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Irene Tinagli

## CLÁR

**Leathanach**

TOGRA LE HAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ............................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ......................................................................................................5

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .6

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.......................................7

## TOGRA LE HAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra chun comhalta den Bhord Réitigh Aonair a cheapadh (N9-0006/2024 – C9-0064/2024 – 2024/0901(NLE))**

**(Formheas)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 chun Karen Braun-Munzinger a cheapadh mar Chomhalta den Bhord Réitigh Aonair (C9-0064/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 56(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin ghnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta AE[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta: coinbhleachtaí leasa tar éis fostaíocht phoiblí a chosc[3],

– ag féachaint do Riail 131 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0150/2024),

A. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 56(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 go ndéanfar na comhaltaí den Bhord Réitigh Aonair dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (b), den Rialachán sin a cheapadh ar bhonn fiúntais, scileanna, eolas ar chúrsaí baincéireachta agus airgeadais, agus ar bhonn taithí ábhartha a bhaineann le maoirseacht airgeadais, rialáil airgeadais agus réiteach bainc;

B. de bhrí go bhfuil an Pharlaimint tiomanta do chothromaíocht inscne a áirithiú sna príomhphoist i réimse na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais; de bhrí gur cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an Aontais agus náisiúnta bearta nithiúla a chur chun feidhme chun cothromaíocht inscne a áirithiú;

C. de bhrí gur ghlac an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 56(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, an 21 Feabhra 2024, gearrliosta do phost Chomhalta an Bhoird Réitigh Aonair;

D. de bhrí gur sholáthair an Coimisiún an gearrliosta do Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir

---

[1] IO L 225, 30.7.2014, lch. 1.
[2] Téacsanna a glacadh, P8_TA(2019)0211.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0017.

le hAirteagal 56(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014;

E. de bhrí, an 12 Márta 2024, gur ghlac an Coimisiún togra chun Karen Braun-Munzinger a cheapadh mar Chomhalta den Bhord Réitigh Aonair agus gur tharchuir sé an togra sin chuig Parlaimint na hEorpa;

F. de bhrí go ndearna an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta meastóireacht ansin ar dhintiúir an iarrthóra mholta d'fheidhmeanna Comhalta den Bhord Réitigh Aonair, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 56(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014;

G. de bhrí go raibh éisteacht ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta le Karen Braun-Munzinger an 20 Márta 2024, arb éisteacht í ina ndearna sí ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sí ceisteanna ó chomhaltaí an Choiste ina dhiaidh sin;

1. ag formheas cheapachán Karen Braun-Munzinger mar Chomhalta den Bhord Réitigh Aonair go ceann tréimhse cúig bliana;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais na mBallstát.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tarraingíodh an tuarascáil seo suas tar éis fheidhmiú na gcumhachtaí arna ndeonú do Pharlaimint na hEorpa faoi Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, go háirithe Airteagal 56 de, agus tar éis nósanna imeachta bunaithe an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta maidir le ceapacháin chuig comhlachtaí rialála agus maoirseachta sa réimse eacnamaíoch agus airgeadais.

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 41<br>–: 8<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabel Benjumea Benjumea, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, José Manuel García-Margallo y Marfil, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Michiel Hoogeveen, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Ralf Seekatz, Aušra Seibutytė, Pedro Silva Pereira, Inese Vaidere, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Herbert Dorfmann, Eider Gardiazabal Rubial, Margarida Marques, Ville Niinistö, Henk Jan Ormel, Jessica Polfjärd |
| **Na comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Theresa Bielowski, Karolin Braunsberger-Reinhold, Isabel García Muñoz, Paola Ghidoni, Nicolás González Casares, Guy Lavocat, Maria Noichl, Nacho Sánchez Amor, Michaela Šojdrová, Kim Van Sparrentak, Carlos Zorrinho |